Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Deireadh Fómhair 2025 (OR. en)**

**14608/25**

**FIN 1261**
**INST 338**
**PE-L 36**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 14412/25 |
| Ábhar: | Aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 19/2025 laistigh de Roinn III – an Coimisiún – de bhuiséad ginearálta 2025<br>• *Formheas*<br>• *Formheas litreach* |

1. An 23 Deireadh Fómhair 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an togra maidir le haistriú leithreasuithe Uimh. DEC 19/2025, i gcomhréir le hAirteagal 31(1) den Rialachán Airgeadais[1].

   Mar a leagtar amach in 14412/25, is é is cuspóir don togra seo EUR 1 161 000 i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 866 000 i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a aistriú ó Airteagal 30 02 02 (*Leithreasuithe difreáilte*) go hAirteagal 08 05 01 (*Creat rialachais a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí iascaireachta de chuid an Aontais in uiscí tríú tíortha*).

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

2. Is é is aidhm don aistriú sin oibleagáidí airgeadais 2025 a chumhdach a eascraíonn as an bPrótacal nua lena gcuirtear chun feidhme an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (SFPA) idir an tAontas agus Rialtas Oileáin Cook (2025-2032), chomh maith le gabhálacha breise a rinneadh in 2024 a chumhdach, mar a leagtar amach sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe ábhartha agus sna Prótacail Cur Chun Feidhme do Phoblacht na Séiséal agus do Phoblacht Mhadagascar.

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra maidir le haistriú ag an gcruinniú a bhí aige an 29 Deireadh Fómhair 2025.

4. Tar éis an scrúdaithe sin, chomhaontaigh an Coiste um an mBuiséad, trí thromlach cáilithe, a mholadh go molfadh Coiste na mBuanionadaithe don Chomhairle an méid seo a leanas a fhormheas:

- an togra maidir le haistriú leithreasuithe atá beartaithe, mar a leagtar amach in 14412/25 é; agus
- an dréachtlitir a leagtar amach san IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an nóta seo.

DRÉACHTLITIR

ó: Uachtarán na Comhairle

chuig: Uachtarán an Choimisiúin

cóip: Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

A Uachtaráin,

I gcomhréir le hAirteagal 31(6) den Rialachán Airgeadais an 23 Meán Fómhair 2024[1], cuirim in iúl duit leis seo gur cheadaigh an Chomhairle aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 19/2025 laistigh de Roinn III - an Coimisiún - den bhuiséad ginearálta do 2025.

(Clabhsúr dea-mhéine).

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).